




**Údaráis Áitiúla Chill Mhanntáin**

**Wicklow Local Authorities**

**Scéim na Gaeilge**

**2009 - 2012**

## Clár

- 
- Caibidil 1 - Cúlra
- Caibidil 2 - Forbhreathnú ar Údaráis Áitiúla Chill Mhantáin
- Caibidil 3 - Measúnú ar Sheirbhísí atá ar fáil faoi láthair trí Ghaeilge
- Caibidil 4 - Moltaí maidir le Soláthar Seirbhísí trí Ghaeilge a fheabhsú
- Caibidil 5 - Monatóireacht agus Leasú, agus Foilsiú na Scéime Comhaontaithe

## **Caibidil 1 - Cúlra**

### **1.1 Réamhrá**

Tá Scéim na Gaeilge á hullmhú faoi Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, ag Údaráis Áitiúla Chill Mhantáin.

Cuireann Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, creat reachtúil ar fáil chun seirbhísí poiblí a sheachadadh trí Ghaeilge.

Forlann Alt 11 go n-ullmhódh comhlacht poiblí scéim reachtúil a shonródh na seirbhísí a bhfuil sé i gceist aige iad a sholáthar:

- Trí mheán na Gaeilge
- Trí mheán an Bhéarla
- Trí mheán an Bhéarla agus na Gaeilge araon, agus na bearta atá le ceapadh a chinnteoidh, i gcás seirbhíse nach bhfuil á soláthar trí mheán na Gaeilge faoi láthair, go gcuirfear ar fáil amhlaidh í laistigh d'amchreat aontaithe.

Ullmhaíodh an scéim seo de réir Threoirlínte Alt 12 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003.

D'fhoilsigh Údaráis Áitiúla Chill Mhantáin fógra i Márta 2007 sna nuachtáin áitiúla a scaiptear sa cheantar, go bhfuil beartaithe acu Dréacht-Scéim a ullmhú faoi Alt 13(1)(a) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla. Ní bhfuarthas aon aighneachtaí mar fhreagra ar an bhfógra.

### **1.2 Dála Tosaithe**

Tá an scéim seo deimhnithe ag an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. Cuirfear tús leis an scéim le héifeacht ó 11 Bealtaine 2009 agus beidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse trí bliana ón dáta sin go dtí go ndeimhneoidh an tAire Scéim nua de bhun Alt 15 den Acht, cibé acu is deireanaí.

## Caibidil 2 - Forbhreathnú ar Údaráis Áitiúla Chill Mhantáin

Tá daonra measta de 126,000 ag Contae Chill Mhantáin, agus é ar cheann de na contaetha is mó fáis in Éirinn. Mar chuid de mhórchéantar Bhaile Átha Cliath, tá an contae faoi réir an-chuid brúnna a thagann as fairsingiú na príomhchathrach.

Tá pobal Gaeilge beo láidir i gContae Chill Mhantáin. Tá 7 Gaelscoil agus 2 Gaelcholáiste dara leibhéal sa Chontae.

Tugann An Béal Binn, grúpa atá lonnaithe i mBré, an-tacaíocht don Ghaeilge agus cothaíonn siad í le drámaí, amhránaíocht, léamh filíochta agus ócáidí sóisialta do theaghlaigh. Ina theanntasan, tá roinnt Coistí Ghlór na nGael ar fud an chontae a chuireann an Ghaeilge chun cinn.

### Ráiteas Físe

*Tá sé mar fhís againn pobal comhtháite a bheith againn i gContae Chill Mhantáin a theachtann comhshaoil uirbheacha agus tuaithe atá ar leith ó chéile ach idirghaolmhar; áit a bhfuil cosaint ar fáil don timpeallacht nádúrtha agus d'acmhainní tábhachtacha; a bhfuil ollsoláthar deiseanna inti chun cónaí agus oibriú a dhéanamh in atmaisféar sábháilte, a ligeann do dhaoine leas a bhaint as na tairbhí a ghabhann le poist ar phá maith, roghanna éagsúla tithíochta, seirbhísí poiblí d'ardchaighdeán, leordheiseanna cultúir agus fóillíochta, agus comhshaol sláintiúil.*

### 2.1 Bunluachanna

Agus ár mbunchuspóir á chomhlíonadh againn, tacóidh na bunluachanna seo a leanas lenár gcinneadh:

- Treoshuíomh Custaiméara - cultúr de sheirbhís chustaiméara a fhorbairt agus monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar na hionchais chustaiméara, i gcomparáid le gnóthachtáil agus acmhainní.
- Ionracas / Cuntasacht / Oscailteacht - cloí leis na caighdeáin is airde ionracais, trédhearcachta agus cuntasachta i bhforfheidhmiú na bhfeidhmeanna éagsúla.
- Foireann - tá ardmheas againn ar ár bhfoireann agus táimid tiomanta dá bhforbairt phearsanta agus ghairmiúil.
- Comhpháirtíocht - creidimid go mbaintear na torthaí is fearr trí chomhoibriú le daoine eile, agus go háirithe lenár bhfoireann.
- Cáilíocht / Luach ar Airgead - spriocdhírthe ar sheirbhísí costas-éifeachtacha, cumasacha den chaighdeán is airde a sheachadadh.

- Ómós d'éagsúlacht chultúrtha agus eitneach - a chinntiú go gcaitear le gach saoránach go cuí cothrom neamhchlaonta.
- Nuálaíocht agus feabhsú leanúnach - tá an-mheas againn ar nuálaíocht agus ar chomhoibriú, agus úsáidfimid tairbhí na nuatheicneolaíochtaí chun cáilíocht ár gcuid oibre a fheabhsú.

## 2.2 Seirbhísí

Cuirtear seirbhísí ar fáil d'Údaráis Áitiúla Chill Mhantáin, faoi na cúig Rannóg Bainistíochta seo a leanas atá coitianta ag gach Údarás Áitiúil:

- **Tithíocht agus Eastát Corpartha**

*Spríoc:* Soláthar cóir de thithíocht inbhuanaithe, ardchaighdeán, sóisialta, inacmhainne agus costas-éifeachtach a phleanáil, a sholáthar agus a éascú chun freastal ar riachtanais reatha agus dóchúla an todhcháí, agus freagrach do riachtanais gach catagóir daoine sa chontae.

- **Iompar agus Bonneagar Bóithre**

*Spríoc:* Gach modh iompair a chothú agus a éascú ar bhonn comhtháite, agus forbairt shóisialta agus eacnamaíochta a chothú dá réir, le haird chuí ar chúrsaí comhshaoil, ar fhorbairt inbhuanaithe agus ar chuimsitheacht shóisialta.

- **Pleanáil agus Forbairt Eacnamaíochta**

*Spríoc:* Soláthar a dhéanamh do chuíphleanáil éifeachtach, a chuireann i gcothromaíocht an gá atá le forbairt inbhuanaithe, cearta an duine, cosaint an chomhshaoil agus riachtanais shóisialta agus eacnamaíochta gach ceantair ar leith.

- **Uisce agus Seirbhísí Comhshaoil**

*Spríoc:* Comhshaoil nádúrtha Chontae Chill Mhantáin a chosaint agus a fheabhsú de réir phrionsabail na forbartha inbhuanaithe cothroime, i gcomhpháirt le gach roinn den phobal, ag cur san áireamh na mbeartas agus na gclár náisiúnta agus AE.

- **Forbairt Chultúrtha agus Shóisialta an Phobail**


*Spríoc:* Seirbhís ardchaighdeán a sholáthar don phobal trí bheartais agus cuspóirí a shainiú, a fhorbairt agus a fhorfheidhmiú, d'fhonn cabhrú le tionscnamh agus le fairsingiú ról an údaráis áitiúil i réimsí na forbartha sóisialta, cultúrtha agus pobail.

## 2.3 Seirbhísí Taca

- Acmhainní Daonna
- Mótarcháin
- Airgeadas
- Seirbhísí Corpartha
- Córais Faisnéise

➤ Cosaint Shibhialta

## 2.4 Struchtúr Eagraíochtúil



### Coistí na Comhairle

Comhaltaí Chomhairle Contae Chill Mhantáin (24)

Grúpa Beartais Chorportha

Coistí Beartais Straitéisigh

### Coistí Beartais Straitéisigh (SPCs)

Is é gnó an Choiste Beartais Straitéisigh, beartais a chumadh, a fhorbairt agus a athbhreithniú, agus iad a chur ansin faoi bhráid chomhaltaí tofa na Comhairle. Tá cúig SPC ag Comhairle Contae Chill Mhantáin:

- Forbairt Phoiblí, Chultúrtha agus Shóisialta
- Tithíocht agus Eastát Corpartha
- Pleanáil agus Forbairt Eacnamaíochta
- Iompar agus Bonneagar Bóithre
- Seirbhísí Uisce agus Comhshaoil.

### **Custaiméirí / Cliaint**

- An tAire agus an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil
- Ranna Rialtais agus Oifigí Aire eile
- An mórfhobal
- Grúpaí Pobail
- Comhpháirtithe Sóisialta
- Údaráis Áitiúla agus Réigiúnacha
- Eagraíochtaí an AE
- Soláthróirí Seirbhíse na hEarnála Príobháidí
- Gnólachtaí Áitiúla Príobháideacha.



## **Caibidil 3 - Measúnú ar Sheirbhísí atá ar fáil faoi láthair trí Ghaeilge**

### **Comhionannas**

Chomh fada agus is indéanta, reáchtáiltear seirbhísí cumarsáide go dátheangach. Clóitear na mórcháipéisí go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla.

### **Comhéadan Poiblí**

Tá roinnt ball foirne a bhfuil cumas Gaeilge acu, agus atá ar fáil mar chabhair don fhoireann fáiltithe agus tosaigh, sa tslí gur féidir le custaiméirí a ngnó a dhéanamh trí Ghaeilge nuair a iarrann siad sin.

### **Gearáin agus Achomhairc**

Tá na córais gearáin agus achomhairc á n-uasghrádú faoi láthair, agus tá aird á díriú ar iad a chur ar fáil go dátheangach.

### **Aistriúchán**

Tá na mór-cháipéisí á n-aistriú le cabhair seirbhísí aistritheora atá ar liosta na n-aistritheoirí creidiúnaithe a d'eisigh Foras na Gaeilge. Aistrítear an comhfhreagras ó lá go lá go himmheánach, áfach.

### **Oiliúint**

Cuirtear oiliúint i scileanna Gaeilge ar fáil don fhoireann mar chuid den chlár Oiliúna agus Forbartha Foirne.

### **Suíomh Gréasáin**

Nuair a bhíonn cáipéisí ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla araon, postáiltear an dá leagan ar ár Suíomh gréasáin, i.e. [www.wicklow.ie](http://www.wicklow.ie)

### **Fógraí Poiblí**

Nuair is infheidhmithe, déantar fógraí don phobal a eisiúint i nGaeilge agus i mBéarla araon.

### **Bileoga Eolais**

Aon bhileoga eolais atá ar fáil go dátheangach ón Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil, cuirtear ar fáil iad ag Údaráis Áitiúla Chill Mhantáin, i.e., Bileoga Mótarchánach agus Faisnéise Comhshaoil ó ENFO.



## **Comharthaíocht**

Tá nuachomharthaíocht dháttheangach á táirgeadh de réir fhóralacha na Rialachán um Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (Alt 9), 2008.

### **Measúnú ar Sheirbhísí atá ar fáil i mBéarla amháin**

- Níl foirmeacha i nGaeilge ar fáil ag roinnt de Ranna Chomhairle Contae Chill Mhantáin
- Go dtí seo bhí na fógraí réamhthairfeadta ó bhéal ar fáil i mBéarla, amháin
- Tugann fáilteoirí / oibreoirí malartáin ainm na Comhairle i mBéarla amháin
- Gabhann teachtaireachtaí r-phoist agus an séanadh amach i mBéarla amháin.

## Caibidil 4 - Moltaí maidir le Soláthar Seirbhísí trí Ghaeilge a fheabhsú

Thar shaolré na scéime seo, déanfaidh Údaráis Áitiúla Chill Mhantáin:

- Meitheal Gaeilge a bhunú chun na cuspóirí teanga a chothú agus an scéim a athbhreithniú go rialta.
- Grúpa logainmneacha a bhunú chun bheith i dtadhall leis na rannóga Pleanála agus Tithíochta maidir le hainmniú forbairtí nua agus athainmniú seanfhorbairtí.
- Bunachar sonraí a sholáthar de logainmneacha Chontae Chill Mhantáin faoi dheireadh 2010.

Is iad fáilteoirí/oibreoirí malartáin na chéadphointí teagmhála leis an bpobal. Beidh sé mar pholasáí ag Údaráis Áitiúla Chill Mhantáin a chinntiú go bhfeidhmíonn an gnáthchleachtas Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí (QCS) sa cheantar seo, agus go mbeidh sé amhlaidh ó dheireadh 2009:

- Beidh an fhoireann fáiltithe/cuntair in ann ainm an chomhlachta phoiblí a thabhairt amach i nGaeilge.
- Beidh siad eolach, ar a laghad, ar na bunbheannachtaí Gaeilge.
- Beidh socruithe cúí i bhfeidhm chun gur féidir leo baill an phobail a chur i dteagmháil gan mhoill leis an oifig nó oifigeach atá freagrach as an tseirbhís atá uathu a thairiscint trí Ghaeilge, má tá sin ar fáil.
- Ó thús na scéime, eiseofar go dátheangach gach preasráitis scríofa maidir leis an nGaeilge, agus scaipfear iad ar na meáin Bhéarla agus Ghaeilge araon. Eiseofar 10% de na preasráitis eile go dátheangach freisin, á méadú go 15% ó thús 2011, agus scaipfear iad ar na meáin Bhéarla agus Ghaeilge araon.
- Beidh an gnáthshéanadh a thugtar le gach r-phost dhátheangach.
- Déanfaidh na hÚdaráis Áitiúla suirbhé ar chumais teanga na foirne agus cuirfear liosta ar fáil de na daoine ata inniúil ar fhiosruithe a láimhseáil trí Ghaeilge.

*Spríocdháta: Deireadh 2009*

### **Oiliúint agus forbairt**

- Cuirfear feacht teanga san áireamh sna cursaí ionductaithe d'fhostaithe nua agus san oiliúint le haghaidh cúram custaiméara.
- Beidh gné áirithe dhátheangachais ag gabháil le hócáidí ardphróifíle/cultúrtha.
- Spreagfar an fhoireann agus na Comhairleoirí uile, agus tabharfar deis dóibh, a scileanna teanga Gaeilge a úsáid agus a fheabhsú: mar shampla, trí scoláireacht Gaeleagrais a chur ar fáil don fhoireann gach bliain.
- Tabharfar eolas don fhoireann faoi sheirbhísí a bheidh ar fáil sa Bhéarla agus sa Ghaeilge araon, le cabhair nuashonruithe rialta r-phoist.

### **Foilsiú seirbhísí Gaeilge**

- Bainfear úsáid as an nuachtlitir, (Countywise) a scaiptear faoi lathair ar gach teaghlach sa Chontae lena fhógairt dár gcustaiméirí go bhfuil seirbhísí ar fáil trí Ghaeilge.
- Foilseofar fógraí faoi sheirbhísí Gaeilge a bheidh ar fáil, freisin, in ionaid feiceálacha ar an suíomh gréasáin [www.wicklow.ie](http://www.wicklow.ie).

*Spríocdháta: Deireadh 2009*

### **Seirbhísí TF**

- Déanfar na ríomhchórais reatha a chomhoiriúnú le riachtanais dhátheangacha, de réir na straitéisí agus beartais Náisiúnta TF, a luaithe a lamhálfaidh acmhainní agus brúnna eile oibre i réimse na TF é.
- Beidh aon bhogábhar nua ríomhaireachta comhoiriúnach le teangacha na Gaeilge agus an Bhéarla, de réir na straitéisí náisiúnta TF.
- Déanfar uasghrádú ar sheirbhísí idirghníomhacha reatha atá ar fáil i mBéarla amháin, le linn shaolré na scéime seo, lena ndéanamh dhátheangach.
- Tionscnófar go comhuaineach aon nuasheirbhísí idirghníomhaíochta ar líne ar bhonn dátheangach.

### **Cáipéisíocht scríofa**

- Na foirmeacha iarratais, bileoga eolais agus bróisiúir nua a tháirgeann Comhairle Contae Chill Mhantáin, cuirfear ar fáil go dátheangach iad ó dheireadh na scéime seo. Cuirfear na cáipéisí ar fáil laistigh de chlúdach amháin, seachas má tá seo dodhéanta de bharr méid nó nádúr na cáipéise.

- Na foirmeacha iarratais, bileoga eolais agus bróisiúir a tháirgeann Comhairle Contae Chill Mhantáin i mBéarla amháin, cuirfear ar fáil sa dá theanga iad, nuair a bheidh stoc á athnuachan, ó dheireadh 2011. Cuirfear na cáipéisí ar fáil laistigh de chlúdach amháin, seachas má tá seo dodhéanta de bharr méid nó nádúr na cáipéise.

### **Seirbhísí pearsanta**

- Ó dheireadh na scéime, soláthróidh Údaráis Áitiúla Chontae Chill Mhantáin seirbhís phearsanta cuntair ón tseirbhís leabharlainne agus ó na cuntair phleanála poiblí i bhfoirgnimh na Comhairle.
- Má tharlaíonn nach bhfuil ball d'fhoireann na leabharlainne ar fáil chun freastal ar iarratas ar sheirbhís trí Ghaeilge, aistreofar an glaoiteoir chuig ball foirne i mbrainse leabharlainne eile.

### **Suíomh Gréasáin**

- Cuirfear na ranna seo a leanas den suíomh gréasáin [Wicklow.ie](http://Wicklow.ie) ar fáil go dátheangach laistigh de shaolré na scéime: Teagmhaigh Linn, Earcaíocht, comhaltaí Comhairle, leathanaigh Airgeadais agus Foirne.
- Forbrófar leathanach gréasáin Gaeilge a bhaileoidh le chéile na naisc chuig gach ábhar Gaeilge atá ar an suíomh gréasáin [www.wicklow.ie](http://www.wicklow.ie).
- Díreoidh Údaráis Áitiúla Chill Mhantáin ar na suíomhanna gréasáin eile a bhfuil siad freagrach astu, mar shampla, suíomhanna gréasáin na comhairle cathrach, sa dara scéim teanga uathu agus sna cinn ina dhiaidh sin.
- Má chuireann Údaráis Áitiúla Chill Mhantáin aon suíomhanna gréasáin nua ar fáil le linn thréimhse na scéime, déanfar sin go dátheangach.

*Spríocdháta: Deireadh na Scéime*

## **Caibidil 5 – Monatóireacht agus Leasú, agus Foilsiú na Scéime Aontaithe**

### **5.1 Monatóireacht agus Leasú**

Beidh Foireann Bhainistíochta Údaráis Áitiúla Chill Mhantáin agus an Meitheal Oibre comhfhreagrach i monatóireacht agus i bhfeidhmiú éifeachtach na scéime seo.

Iad siúd a bheidh freagrach sa scéim ina gceantair féin, deanfaidh siad monatóireacht laethúil uirthi le cabhair an Oifigh Fhorbartha Ghaeilge.

### **5.2 Foilsiú na Scéime Aontaithe**

Foilseofar don phobal a bhfuil sa Scéim seo, agus a bhul de ghealltanais agus d'fhoráil sa Scéim trí:

- Preasráiteas
- Seoladh Oifigiúil na Scéime
- Fógairt Fhorálacha na Scéime
- Scaipeadh na Scéime ar ghníomhaireachtaí agus ar chuíchomhlachtaí poiblí
- Foilsiú na Scéime ar an suíomh gréasáin [www.wicklow.ie](http://www.wicklow.ie).

Tá cóip den Scéim seo curtha ar aghaidh chuig Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla.